



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 26 Meitheamh 2023  
(OR. en)

11085/23

---

---

**Comhad Idirinstiúideach:  
2023/0216 (NLE)**

---

---

**ECOFIN 646  
FIN 693  
UEM 184**

## **NÓTA CLÚDAIGH**

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Meitheamh 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 373 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (11046/21 INIT; St 11046/21 ADD 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 373 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 373 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2023  
COM(2023) 373 final

2023/0216 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (11046/21 INIT; St 11046/21 ADD 1)  
an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh  
agus athléimneachta d'Éirinn**

2023/0216 (NLE)

Togra le haghaidh

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (11046/21 INIT; St 11046/21 ADD 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí:

- (1) Tar éis d'Éirinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('RRP') a thíolacadh an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhorghreag an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021<sup>2</sup>.
- (1) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha ó gach Ballstát a thabhairt cothrom le dáta faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
- (3) An 22 Bealtaine 2023, chuir Éire iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin moladh a dhéanamh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir RRP a bhaint amach a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá RRP leasaithe curtha isteach ag Éirinn.
- (4) Baineann naleasuithe ar an RRP a thíolaic Éire le dhá bheart. Mhínigh Éire nach féidir an dá bheart sin a bhaint amach a thuilleadh san amlíne cur chun feidhme atá i gceist.
- (5) Baineannan chéad leasú le beart 1.1 'Scéim Iasachta Iarfheistithe Cónaithe ar chostas íseal a laghdú' faoi chomhchuid 1 'An t-aistriú glas a chur chun cinn' den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ina bhfuil scéim ráthaíochta iasachta a bhfuil sé mar aidhm léi infheistíocht phríobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh. Mhínigh Éire nach féidir garspriocanna 1 agus 2

<sup>1</sup> IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

<sup>2</sup> ST 11046/21 INIT; St 11046/21 ADD 1, nár foilsíodh fós.

den bheart sin a bhaint amach a thuilleadh san amlíne cur chun feidhme atá i gceist mar gheall ar dhúshláin nárbh fhéidir a thuar a bhaineann lena gcur chun feidhme. Baineann na dúshláin nárbh fhéidir a thuar leis na ceanglais theicniúla mhéadaithe do chur chun feidhme an bhirt, a léiríodh le linn an nós imeachta díchill chuí a rinne an Banc Eorpach Infheistíochta, agus is cúis le rannpháirtíocht frith-ráthóra breise, eadhon an Ciste Eorpach Infheistíochta, mar chomhlánú ar an mBanc Eorpach Infheistíochta. Ní féidir tús a chur le struchtúr nua riachtanach na scéime ráthaíochta iasachta laistigh den amlíne cur chun feidhme a bhí beartaithe ar dtús. Ar an mbonn sin, d'iarr Éire síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na ngarspriocanna thuasluaite ó R1 2022 agus R2 2022 faoi seach go R3 2023 le haghaidh garspriocanna araon, agus, i ngeall ar na himthosca oibiachtúla sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (6) Baineannan dara leasú le beart 3.8 ‘Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú’ faoi chomhchuid 3 ‘Téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus cruthú post’ arb é atá ann teacht i bhfeidhm na Gníomhaireachta Forbartha Talún mar ghníomhaireacht stáit tráchtála agus teacht i bhfeidhm Acht um Thithíocht Inacmhainne. Ceanglaítear leis an mbeart go soláthrófar aonaid tithíochta faoi na scéimeanna éagsúla a bunaíodh leis an athchóiriú. Mhínigh Éire nach féidir spriocanna 102 agus 103 den bheart sin a bhaint amach a thuilleadh san amlíne cur chun feidhme atá i gceist mar gheall ar impleachtaí ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus mar gheall ar an éiginnteacht faoin bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Mar thoradh ar na himthosca sin bhí boilsciú ábhar tógála, ardú ar chostais fuinnimh agus dúshláin sa slabhra soláthair a chuir moill ar go leor tionscadal, agus tháinig méadú 8.5 % ar chostais ualaithe na n-ábhar tógála in 2021 agus méadú 17.5 % in 2022 (i gcomparáid le meánfhás bliantúil 1.2 % sna blianta 2016 agus 2020). Cuireadh moill ar na tionscadail mar gheall ar an gconradhnó toisc nach raibh siad inann an praghas conartha a chomhlíonadh, agus tharla líon na dtairiscintí ar thairiscintí poiblí mar gheall ar an riosca a mheastar a bheith i gceist agus ar na hábhair inní ghinearálta a bhaineann le praghsanna ábhair agus fuinnimh amach anseo. Ar an mbonn sin, d'iarr Éire síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na spriocanna thuasluaite ó R1 2022 go R3 2023, agus, de bharr na n-imthosca oibiachtúla sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (7) Baineannan tríú leasú leis an mbeart céanna 3.8. Mhínigh Éire nach féidir sprioc 104 a bhaint amach a thuilleadh san amlíne cur chun feidhme ar leith toisc gur sainaitníodh cur chuige níos fearr go follasach le linn rannpháirtíocht réamhsheoladh na ngeallsealbhóirí a tharla tar éis thíolacadh an RRP. Gan aon fhasach a bheith ann don chineál sin de scéim tacaíochta cothromais, bhí sé intuigthe ón RRP bunaidh go raibh aonfhoirmeacht shuntasach ann ar fud na dtrí institiúid airgeadais atá rannpháirteach sa scéim (maidir le córais TF, próisis formheasa, ionstraimí dlí, etc.). D'aithin rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, áfach, éagsúlacht shuntasach sna córais TF bhunúsacha, sna próisis formheasa morgáiste riaracháin, agus in ionstraimí dlíthiúla chun aitheantas a thabhairt don sciar cothromais chomhroinnte de thithe nua a ceannaíodh trí na scéimeanna sin. Leag sé sin béim ar an ngá atá le meitheal a bhunú, lenar ceadaíodh i ndeireadh na dála comhchuíbhíú a dhéanamh ar nósanna imeachta caighdeánacha agus ar dhoiciméadacht chaighdeánach le haghaidh maoin a thíolacadh idir na hinstiúidí airgeadais atá rannpháirteach sa scéim. Chuir forbairt agus cur chun feidhme an chaighdeánaithe sin moill ar sheoladh na scéime, ach bhí buntáistí soiléire ag baint leis: (i) d'áirithigh sé comhsheasmhacht agus cinnteacht níos fearr d'iarratasóirí scéime, (ii) chruthaigh sé próiseas caighdeánaithe tíolactha maoin, (iii) bhí táillí dlí níos ísle ann do cheannaitheoirí tí ar fud na scéime, agus (iv) ráthaigh sé

go gcaithfí go haonfhoirmeach leis an bhfiachas cothromais agus morgáiste don scéim i gcás damáiste do mhaoín, mainneachtain aisíocaíochtaí, agus díolacháin an tí ina dhiaidh sin. Ar an mbonn sin, d'iarr Éire síneadh a chur le hamlíne cur chun feidhme na sprice thuasluaite ó R1 2022 go R3 2023, agus, de bharr na n-imthosca oibiachtúla thuas, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (8) Measann an Coimisiún go dtugann na cúiseanna arna gcur chun cinn ag Éirinn údar le leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (9) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Éire chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an RRP a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar RRP d'Éirinn i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).
- (10) Tar éis mheasúnú dearfach an Choimisiúin maidir leis an RRP leasaithe leis an gcinneadh go gcomhlíonann an RRP go sásúil na critéir le haghaidh measúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach sa Chinneadh seo na leasuithe ar na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP leasaithe a chur san áireamh.
- (11) Is é EUR 989 938 300 costas iomlán measta an RRP leasaithe. Ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta iomlána an RRP leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil d'Éirinn, ba cheart go mbeadh an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear ar RRP leasaithe na hÉireanncomhionann le méid iomlán na ranníocaíochta uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil d'Éirinn.
- (12) Ba cheart, dá bhrisín, Cinneadh Cur Chun Feidhme 11046/21 ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHILACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 11046/21 an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

“Airteagal 1

#### *Formheas an mheasúnaithe ar an RRP*

Formheastar an measúnú ar RRP leasaithe na hÉireann ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin RRP, na socrúithe agus an tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an RRP, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socrúithe chun rochtain iomlán a sholáthar don Choimisiún ar na sonraí ábhartha foluiteacha.”;

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil d’Éirinn i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta arb ionann í agus EUR 914 368 618.<sup>3</sup> Beidh méid EUR 914 368 618 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022”.

(3) Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) Roinn 1: Leasaítear athchóirithe agus infheistíochtaí faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leanas:

(i) i bpointe 1. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí; A. Comhpháirt 1: An t-aistriú glas a chur chun cinn; 2 JUR: RÉAMHAITHRISÍM (FÍORAIS). Cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta:

1	1.1	Cloch mhíle	Bunú na hionstraimí airgeadais: síniú an chomhaontaithe chonarthaigh idir na haireachtaí ábhartha agus SBCI agus an straitéis/beartas infheistíochta gaolmhar a thabhairt i gcrích	Síniú an chomhaontaithe agus foilsíú na straitéise/an bheartais infheistíochta lena mbaineann chun iarfheistiú meádomhain ar a laghad a áirithiú le haghaidh 75 % ar a laghad de na hiasachtaí a íocadh amach				C3	2023	Tabharfaidh na haireachtaí ábhartha comhaontú i gcrích le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann, agus bunófar an ionstraim airgeadais, lena n-áirítear an straitéis/beartas infheistíochta gaolmhar, ina sonrófar go ndéanfar 75 % ar a laghad d’iasachtaí faoin scéim ráthaíochta iasachta a eisíoc chun oibreacha iarfheistithe a mhaoiniú. Beidh an comhaontú agus an straitéis/beartas infheistíochta i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 maidir le hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear comhlíonadh <i>inter alia</i> DNSH ar leibhéal na n-infheistíochtaí iartheachacha uile a fhaigheann tacaíocht ón scéim ráthaíochta. Áirítear leis an gcomhaontú go mbainfear amach, ar an meán, leis na hoibreacha iarfheistithe sin athchóiriú meánleibhéil ar a laghad mar a shainmhínítear sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le hAthchóiriú Foirgníochta (AE) 2019/786. Ní dhéanfaidh na hiasachtaí a dheonófar faoin scéim
---	-----	-------------	--	---	--	--	--	----	------	---

<sup>3</sup> Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hÉireann de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.



																				an Aontais Eorpaigh.		
2	1.1	Cloch mhíle	Síníodh an chéad chonradh ráthaíochta iasachta	Síníonn an chéad institiúid chreidmheasa rannpháirteach an comhaontú ráthaíochta faoin scéim																C3	2023	Beidh an comhaontú conarthach chun leas a bhaint as an tsaoráid ráthaíochta faoin scéim sínithe ag institiúid chreidmheasa rannpháirteach amháin ar a laghad agus ag na ráthóirí.

(II) i bpointe 1. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí; C. Comhpháirt 3: Téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus cruthú post; C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta; Athchóiriú: 3.8 Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4: “Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2023.”;

(III) i bpointe 1. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí; C. Comhpháirt 3: Téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus cruthú post; C.2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta, rónna 102, 103 agus 104:

‘102’	3.8	Sprioc	Tithe a chuirtear ar fáil lena ndíol tríd an Scéim nua um Cheannach Inacmhainne do thithe ar thailte poiblí	—	Uimhir	0	100	C	20	23	Beidh 100 teach ar a laghad curtha ar fáil lena ndíol tríd an Scéim Ceannaigh Inacmhainne le haghaidh tithe ar thailte poiblí.  Déanfar measúnú ar incháilitheacht ar chumas ioncaim an Cheannaire Céaduaire agus ar an éagumas chun luach margaidh oscailte a thabhairt do na tithe, agus tabharfar tosaíocht di, inter alia, dá gcuid ama a chónaíonn i limistéar an údarais áitiúil, agus méid an teaghlaigh i gcomparáid le méid an teaghlaigh.  Measfar tithe a bheith ar fáil lena ndíol nuair a bheidh an tógáil críochnaithe agus glacadh le hiarratais ó iarratasóirí incháilithe.  Áiríteofar go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha AE agus náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus ceanglais DNSH a leagtar amach i ngarsprioc 101.
‘103’	3.8	Sprioc	Tithe a sheachadtar faoin scéim costas cíosa	—	Uimhir	0	450	C	20	23	Beidh 450 teach ar a laghad críochnaithe agus tionónaithe ag saothraithe meánioncaim i lárionaid

	agus Inacmhainne a Mhéadú									uirbeacha le laghdú 25 % ar a laghad ar luachanna margaidh oscailte, mar atá sainmhínithe ag luachálaí maoine gairmiúla.  Beidh incháilitheacht sainithe ag an Aire i Rialacháin maidir le sonraí staidrimh ar ioncaim.  Bainfidh an scéim le tithe i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.  Áiritheofar go gcomhlionfar reachtaíocht ábhartha AE agus náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus ceanglais DNSH a leagtar amach i ngarsprioc 101.
'104'	3.8 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a Mhéadú	Sprioc	Tithe a chuirtear ar fáil lena ndíol le ceannaitheoirí a bhaineann leas as an scéim tacaíochta cothromais	—	Uimhir	0	100	C 3	20 23	Beidh 100 teach ar a laghad curtha ar fáil lena ndíol le ceannaitheoirí a bhaineann leas as an scéim tacaíochta cothromais.  Faoi réir riachtanas inacmhainne intomhaiste, bainfidh ceannaitheoirí leas as tacaíocht chothromais suas le 30 % de luachanna margaidh oscailte.  Áiritheofar go gcomhlionfar reachtaíocht ábhartha AE agus náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus ceanglais DNSH a leagtar amach i ngarsprioc 101.

(B) Roinn 2: Leasaítear Tacaíocht Airgeadais mar a leanas:

(i) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais; 1.1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíochta), scriostar rónna 1, 102, 103, 104 agus 2;

(II) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais; 1.1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíochta), cuirtear “EUR 323 803 933” in ionad na Suiteála de “EUR 395 586 614” sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(III) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais; 1.2. An dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíochta), cuirtear na sraitheanna seo a leanas isteach i ndiaidh ró 94:

1	1.1 Scéim Iasachta Iarfheistithe Cónaithe ar chostas íseal a chur i mbaol	Cloch mhíle	Bunú na hionstraime airgeadais: síniú an chomhaontaithe chonarthaigh idir na haireachtaí ábhartha agus SBCI agus an straitéis/beartas infheistíochta gaolmhar a thabhairt i gcrích
---	---	-------------	--

2	1.1 Scéim Iasachta Iarfheistithe Cónaithe ar chostas íseal a chur i mbaol	Cloch mhíle	Síníodh an chéad chonradh ráthaíochta iasachta
102	3.8 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a Mhéadú	Sprioc	Tithe a chuirtear ar fáil lena ndíol tríd an Scéim nua um Cheannach Inacmhainne do thithe ar thailte poiblí
103	3.8 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a Mhéadú	Sprioc	Tithe a sheachadtar faoin scéim costas cíosa
104	3.8 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a Mhéadú	Sprioc	Tithe a chuirtear ar fáil lena ndíol le ceannaitheoirí a bhaineann leas as an scéim tacaíochta cothromais

(IV) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais; 1.2. An dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíochta), cuirtear “EUR 224 817 238” in ionad an Suiteála “EUR 197 793 307” sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(V) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais; 1.3. An Tríú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíochta), cuirtear “EUR 182 873 724” in ionad an Suiteála “EUR 197 793 307” sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(VI) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais; 1.4. An Ceathrú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíochta), cuirtear “EUR 137 155 293” in ionad “EUR 148 344 980” sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(VII) i bpointe 1. Ranníocaíocht airgeadais; 1.5. An cúigiú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíochta), cuirtear “EUR 45 718 429” in ionad an Suiteála “EUR 49 448 326” sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

## *Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo ar Éirinn.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*